Coimisiún na Meán

# Iarratais GSD ar Fhaisnéis – C&F

# Innéacs

## Céard atá ag tarlú anois?

1. *Céard atá á dhéanamh ag Coimisiún na Meán faoi agus cén chiall atá leis?*
2. *Céard é Alt 12 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)?*
3. *Céard é Alt 16 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)?*
4. *Céard is IAF ann?*
5. *Céard iad na hardáin ar eisigh Coimisiún na Meán IAFanna dóibh?*
6. *Céard a tharlaíonn tar éis IAF a eisiúint?*
7. *Céard is féidir le Coimisiún na Meán a dhéanamh leis an bhfaisnéis a fhaigheann sé mar fhreagra ar an IAF?*
8. *Céard a tharlaíonn mura gcuireann ardán an fhaisnéis ar fáil a iarradh san IAF?*
9. *Cathain is féidir le Coimisiún na Meán fíneáil a ghearradh ar ardáin?*

## Creat Sábháilteachta ar Líne

10. *Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne Choimisiún na Meán?*
11. *Céard iad na difríochtaí idir an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Cód Sábháilteachta ar Líne?*

## Do Chearta faoin GSD

12. *Céard é an GSD?*
13. *Céard iad na cearta atá agam faoin GSD?*
14. *Céard a chlúdaítear faoin sainmhíniú ar ábhar mídhleathach faoin GSD?*
15. *Cén chaoi a dtuairiscím ábhar mídhleathach faoin GSD?*
16. *Cén t-eolas a bheadh orm a thabhairt don ardán nó don tseirbhís agus ábhar mídhleathach á thuairisciú agam faoin GSD?*
17. *Má thuairiscím ábhar mídhleathach faoin GSD, céard iad na cearta atá agam?*
18. *Cé air a bhfuil an dualgas ábhar mídhleathach ar líne a bhaint faoin GSD?*
19. *Cathain is ceart dom dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán?*

## Céard atá ag tarlú anois?

### 1. Céard atá á dhéanamh ag Coimisiún na Meán faoi agus cén chiall atá leis?

Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), ní mór d'ardáin ar líne bealaí inaitheanta, éasca le rochtain agus éasca le húsáid a chur i bhfeidhm le gur féidir le húsáideoirí ábhar mídhleathach a thuairisciú (Alt 16). Ní mór pointe teagmhála soiléir amháin a bheith acu freisin le gur féidir le húsáideoirí teagmháil a dhéanamh leo (Alt 12).

Bunaithe ar fhaisnéis ó réimse foinsí, agus ceisteanna a fuarthas ónár nIonad Teagmhála, táimid buartha go bhfuil deacrachtaí ag daoine a shainaithint go héasca conas ábhar mídhleathach a thuairisciú d'ardáin (Alt 16), nach bhfuil freagairt thráthúil ná shásúil á fáil acu ar a dtuairiscí, nó nach féidir leo bealach a aimsiú chun dul i dteagmháil leis an ardán (Alt 12).

Táimid ag dul i dteagmháil go foirmeálta anois le réimse ardán chun faisnéis a bhailiú (trí Iarratas ar Fhaisnéis) maidir leis an gcur chuige atá acu chun Alt 12 agus Alt 16 a chomhlíonadh agus ionas gur féidir linne a mheas an bhfuil a ndualgais á gcomhlíonadh acu nó nach bhfuil, agus ar cheart dóibh tuilleadh céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú go bhfuil siad á gcomhlíonadh acu.

### 2. Céard é Alt 12 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)?

Faoi Alt 12 den GSD, tá dualgas ar sholáthraithe na n-ardán ar líne agus na seirbhísí digiteacha pointe teagmhála ainmnithe amháin a bheith acu chun a chur ar chumas na n-úsáideoirí cumarsáid dhíreach, sciobtha a dhéanamh leo ar bhealach leictreonach agus ar bhealach so-úsáidte. Ba cheart go mbeadh an t-úsáideoir ábalta an modh cumarsáide a roghnú, agus níor cheart don mhodh cumarsáide a bheith ag brath go hiomlán ar uirlisí uathoibrithe.

### 3. Céard é Alt 16 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)?

Faoi Alt 16 den GSD, caithfidh soláthraithe na n-ardán ar líne agus na seirbhísí digiteacha córais a chur i bhfeidhm, a bhfuil sé éasca rochtain a fháil orthu agus atá éasca le húsáid ionas gur féidir le haon duine aonair nó eintiteas ábhar a thuairisciú a mheasann siad gur ábhar mídhleathach é. Chomh maith leis sin, faoi Alt 16 ní mór do sholáthraithe seirbhísí an duine aonair nó an t-eintiteas a chur ar an eolas maidir leis an gcinneadh a rinneadh, agus fógraí a phróiseáil agus cinntí a dhéanamh ar bhealach tráthúil, díograiseach, nach bhfuil treallach, agus atá oibiachtúil. Más gá dóibh bealaí uathoibrithe próiseála nó cinnteoireachta a úsáid, ní mór an t-eolas seo a chur ar fáil san fhógra.

### 4. Céard is IAF ann?

IAF is ea an giorrúchán ar Iarratas ar Fhaisnéis. Cabhróidh an t-eolas a fhaightear mar fhreagairt ar an IAF le Coimisiún na Meán comhlíonadh na ndualgas faoi Alt 16 (córais tuairiscithe d'ábhar mídhleathach) agus Alt 12 (pointí teagmhála) a mheas agus a thuiscint. Eisítear IAFanna ar bhonn deonach.

### 5. Céard iad na hardáin ar eisigh Coimisiún na Meán IAFanna dóibh?

D'eisíomar IAFanna do dhá ardán déag atá bunaithe in Éirinn: ocht nArdán An-Mhór Ar Líne (VLOPanna) le breis is 45 milliún úsáideoir míosúil san AE ar an meán, agus trí sheirbhís neamh-VLOP a bhfuil níos lú ná 45 milliún úsáideoir míosúil san AE ar an meán acu:

- VLOPanna: TikTok, YouTube, X, Pinterest, LinkedIn, Temu, Meta agus Shein.
- Neamh-VLOPanna (tagraítear dóibh mar Faoin Tairseach chomh maith): Dropbox, Etsy, Hostelworld agus Tumblr

Chun amhras a sheachaint, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-athbhreithniú ag céim thosaigh agus nach bhfuil aon chinneadh déanta maidir leis na hardáin thuasluaite agus ar theip orthu, nó nár theip orthu, ar bhealach ar bith, a ndualgais a chomhlíonadh. Tá próiseas soiléir ann sular féidir le Coimisiún na Meán a chumhachtaí forfheidhmithe a úsáid, a dhéanfar más cuí agus nuair is cuí amháin.

6. **Céard a tharlaíonn tar éis IAF a eisiúint?**

Tá dhá go ceithre seachtaine ag an ardán agus ag na soláthraithe seirbhísí digiteacha an IAF a fhreagairt. Tá fad an ama freagartha i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá á hiarraidh. Tá faisnéis dhifriúil iarrtha againn ó sholáthróirí difriúla, ag brath ar an imní ar leith atá againn agus cúinsí eile, mar shampla an ndéantar fiosrúchán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar na hardáin, nó nach ndéantar.

7. **Céard is féidir le Coimisiún na Meán a dhéanamh leis an bhfaisnéis a fhaigheann sé mar fhreagra ar an IAF?**

Cabhróidh an fhaisnéis a thugann an t-ardán agus na soláthraithe seirbhísí digiteacha dúinn mar fhreagra ar an IAF linn an leibhéal comhlíontachta le hAlt 12 agus le hAlt 16 a mheas agus a thuiscint. I ndiaidh an athbhreithnithe tosaigh, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas agus aon ábhar bainteach eile, déanfaidh an Coimisiún a mheas cé acu a bhí nó nach raibh na hardáin ag comhlíonadh a ndualgas faoi Alt 12 agus Alt 16 den GSD.

8. **Céard a tharlaíonn mura gcuireann ardán an fhaisnéis ar fáil a iarradh san IAF?**

Is ar bhonn deonach a chuirtear aon fhaisnéis ar fáil mar fhreagairt ar na IAFanna seo. Chun amhras a sheachaint, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-athbhreithniú ag céim thosaigh agus nach bhfuil aon chinneadh déanta maidir leis na hardáin thuasluaite agus ar theip orthu, nó nár theip orthu, ar bhealach ar bith, a ndualgais a chomhlíonadh.

Mar sin féin, mura bhfreagraíonn soláthraí seirbhísí an IAF agus má tá imní chruthaithe againn maidir le comhlíonadh Alt 12 agus/nó Alt 16, cuimhneoimid ar na chéad chéimeanna eile a ghlacadh, a bhféadfadh forfheidhmiú a bheith i gceist leo, i ndiaidh na riachtanas nós imeachta a bhfuil gá leo.

9. **Cathain is féidir le Coimisiún na Meán fíneáil a ghearradh ar ardáin?**

Is féidir linn fíneálacha a ghearradh ar ardáin i ndiaidh fiosrúcháin amháin, agus i ndiaidh an nós imeachta atá leagtha amach inár reachtaíocht.

## Creat Sábháilteachta ar Líne

10. **Céard é Creat Sábháilteachta ar Líne Choimisiún na Meán?**

Táimid freagrach as Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann. Leis an gcreat seo, beidh seirbhísí digiteacha freagrach as an gcaoi a dtugann siad cosaint do dhaoine, go háirithe leanaí, ó dhíobháil ar líne. Tá an Creat Sábháilteachta ar Líne comhdhéanta den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), den Rialachán AE maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne agus den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, atá mar bhunús lenár gCód Sábháilteachta ar Líne atá le teacht

11. **Céard iad na difríochtaí idir an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Cód Sábháilteachta ar Líne?**

Faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), ní mór d'ardáin ar líne bealaí inaitheanta, éasca le rochtain agus éasca le húsáid a chur i bhfeidhm le gur féidir le húsáideoirí ábhar mídhleathach a thuairisciú (Alt 16). Ní mór pointe teagmhála soiléir amháin a bheith acu freisin le gur féidir le húsáideoirí teagmháil a dhéanamh leo (Alt 12).

Níl an Cód Sábháilteachta Ar Líne i bhfeidhm go fóill. Bainfidh sé le fo-thacar ardán ar líne, ainmnithe ag Coimisiún na Meán agus Seirbhísí Ardáin Comhroinnte Físeán (VSPSanna) a thugtar orthu. Bainfidh sé go sonrach le físeáin a roinnt (agus ábhar bainteach leis) lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don chibearbhulaíocht, féindochar nó féinmharú a chur chun cinn agus neamhoird ithe nó bheathaithe a chur chun cinn chomh maith le mealltacht i dtreo fuatha nó foréigin, sceimhlitheoireacht, ábhar maidir le mí-úsáid gnéis leanaí, ciníochas agus seineafóibe.

## Do Chearta faoin GSD

### 12. Céard é an GSD?

An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD) Reachtaíocht uile-AE atá sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha a rialaíonn seirbhísí ar líne amhail margaí, gréasáin shóisialta, aipmhargaí agus ardáin ar líne a bhaineann le taisteal agus lóistín. Éilíonn an Gníomh ar sheirbhísí ar líne roinnt beart a dhéanamh d'fhonn an t-idirlíon a dhéanamh níos sábháilte d'úsáideoirí trí aghaidh a thabhairt ar ábhar dochrach nó neamhdhleathach ar a n-ardáin. Tabharfar isteach leis an reachtaíocht nua seo rialacha a chosnóidh go cothrom gach úsáideoir san AE (Éire san áireamh) maidir le hearraí, ábhar nó seirbhísí neamhdhleathacha agus lena chearta bunúsacha araon.

Is é Coimisiún na Meán an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha ainmnithe in Éirinn. Is údaráis náisiúnta iad na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha arna n-ainmniú ag Ballstáit an AE chun maoirseacht, forfheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an GSD.

### 13. Céard iad na cearta atá agam faoin GSD?

Tugann an GSD réimse ceart d'úsáideoirí, mar aon le dualgais ar ardáin.

Faoin GSD, tá an ceart agat ábhar mídhleathach a thuairisciú, agus ba cheart go mbeadh an córas tuairiscithe seo éasca le rochtain a fháil air agus éasca le húsáid. Ba cheart go bhfaighfeá cinneadh ón soláthraí seirbhísí freisin maidir le toradh an tuairiscithe go pras agus go dtabharfaí eolas duit faoi na féidearthachtaí cúitimh maidir leis an gcinneadh. Ar an lámh eile, má chuirtear srian ar an ábhar a phostáil tú, má bhaintear, díchumasaítear nó íslítear é, tá sé de cheart agat míniú soiléir a fháil maidir le cén fáth ar tharla sé seo agus eolas a fháil maidir leis na féidearthachtaí cúitimh.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le do chearta faoin GSD, téigh chuig suíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

### 14. Céard a chlúdaítear faoin sainmhíniú ar ábhar mídhleathach faoin GSD?

Is ionann ábhar mídhleathach faoin GSD agus aon fhaisnéis nó aon ghníomhaíocht, lena n-áirítear díol earraí nó soláthar seirbhísí, nach gcomhlíonann dlí an Aontais Eorpaigh, nó dlí aon Bhallstáit AE. Is féidir roinnt samplaí nach bhfuil uileghabhálach a fháil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán.

### 15. Cén chaoi a dtuairiscím ábhar mídhleathach faoin GSD?

Ní mór ábhar mídhleathach a thuairisciú don ardán ar a bhfaca tú é. Chomh luath agus atá an t-ábhar mídhleathach tuairiscithe don ardán agat, tá dualgas orthu gníomhú de réir do thuairisce. Caithfidh ardáin an t-ábhar mídhleathach a thuairiscítear dóibh a bhaint den ardán. Níl dualgas ar na hardáin monatóireacht a dhéanamh ar ábhar féachaint an bhfuil sé mídhleathach, de ghnáth.

### 16. Cén t-eolas a bheadh orm a thabhairt don ardán nó don tseirbhís agus ábhar mídhleathach á thuairisciú agam faoin GSD?

Ba cheart go mbeadh an córas tuairiscithe atá i bhfeidhm ag an ardán nó ag an tseirbhís chun ábhar mídhleathach a thuairisciú éasca le sainaithint agus go n-éascóidh sé cur isteach inrochtana, éasca, na faisnéise seo a leanas:

- míniú cruinn go leor ar an gcúis/na cúiseanna a bheadh agat lena cheapadh go bhfuil an fhaisnéis atá faoi thrácht ina hábhar mídhleathach;
- leid shoiléir i dtaca le suíomh leictreonach na faisnéise atá faoi thrácht, i.e. URL(anna) cruinn(e) (nasc);
- toisc gur seans go mbeadh gá leis, eolas breise ionas gur féidir an t-ábhar mídhleathach ar leith a shainaithint;
- d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist, ach amháin sa chás go meastar go bhfuil coireanna in aghaidh leanaí i gceist leis an bhfaisnéis, mar shampla ábhar mí-úsáide gnéis ar leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí, seirbhísí leanaí a lorg chun críche gnéasaí, gan ach beagán a lua.

- ráiteas ina ndeimhnítear go gcreideann tú go bhfuil an t-eolas agus na líomhaintí atá sa tuairisc cruinn agus iomlán.

### 17. Má thuairiscím ábhar mídhleathach faoin GSD, céard iad na cearta atá agam?

Nuair a chuireann tú tuairisc maidir le hábhar mídhleathach faoi bhráid an ardáin nó na seirbhíse faoin GSD, tá sé de cheart agat:

- a bheith ar an eolas faoi chúrsaí:
  - aitheantas a fháil go bhfuarthas do thuairisc
  - cinneadh a fháil agus féidearthachtaí cúitimh a fháil ag an am céanna
  - eolas a fháil maidir le úsáid na modhanna uathoibrithe próiseála nó cinnteoireachta i dtaca le do thuairisc
- rogha a dhéanamh maidir le hábhar mídhleathach a thuairisc go hanaithnid nó d'ainm a chur leis, maidir le cásanna ina bhfuil coireanna in aghaidh leanaí, mar shampla ábhar mí-úsáide gnéis ar leanaí, teacht i dtír gnéasach ar leanaí, seirbhísí leanaí a lorg chun críche gnéasaí, srl.
- anuas air sin, más an *"faighteoir seirbhíse buailte"* thú, i.e. baineadh d'ábhar mar thoradh ar ghníomh a rinneadh de bhun Alt 16 "Fógra", ba cheart go bhfaighfeá "ráiteas cúise" mar sin (Alt 17).

### 18. Cé air a bhfuil an dualgas ábhar mídhleathach ar líne a bhaint faoin GSD?

Ní mór d'ardáin ábhar mídhleathach ar líne a bhaint faoin GSD chomh luath agus a thuairiscítear an t-ábhar sin dóibh, sin nó d'fhéadfaidís a bheith freagrach as an ábhar sin a óstáil. Ní mór an t-ábhar mídhleathach a thuairisciú go díreach don ardán nó don soláthraí seirbhísí digiteacha.

**Níl an chumhacht ag Coimisiún na Meán iallach a chur chun ábhar mídhleathach a bhaint anuas d'ardáin ar líne láithreach.**

### 19. Cathain is ceart dom dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán?

Má chreideann tú nár chomhlíon an t-ardán a dhualgais, mar shampla pointe teagmhála amháin a chur ar fáil, tú a chur ar an eolas faoin gcinneadh maidir le do thuairisc, murar chuir sé comhairle ort maidir leis an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh nó roghanna cúitimh eile, murar ghníomhaigh sé de réir an ábhair a mheasann tú a bheith mídhleathach, nó murar thug sé rogha duit an t-ábhar a thuairisciú go hanaithnid a bhaineann le teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus mí-úsáid gnéis leanaí, is féidir leat dul i dteagmháil le Coimisiún na Meán.

Ní seirbhís modhnóireachta ábhair é Coimisiún na Meán, **ní ghníomhaímid de réir gearán ar phíosaí ábhair aonair** agus ní córas achomhairc muid do chinntí ar sheirbhísí ar líne maidir le hábhar mídhleathach.

Is é an ról atá ag Coimisiún na Meán ná maoirseacht a dhéanamh ar conas a chomhlíonann ardáin ar líne a ndualgais faoin GSD ar leibhéal córasach, agus a dhéanamh cinnte go bhfuil córais tuairiscithe ábhair na n-ardán ag obair go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí.